## Réamhfhocal

Ainneoin fás eacnamaíoch leanúnach agus margadh saothair atá athraithe go mór le deich mbliana anuas, tá agus beidh líon mór daoine ann i gcontúirt a bpost a chailliúint. I rith 2006, mar shampla, bhí os cionn 23,600 iomarcaíocht ann, agus leis sin is é os cionn 122,000 an líon iomarcaíochta le cúig bliana anuas. Bíodh is go bhfaighidh go leor daoine a bhfuil a bpost caillte acu obair go scafánta, b'fhéidir nach bhfaighidh daoine eile í.

Beidh Soláthróirí Eolais ar an eolas faoin iliomad deacrachtaí a bhíonn ag daoine a bhfuil a bpost caillte acu. Tá an mórshuaitheadh intinne a bhaineann le dúnadh monarchan nó iomarcaíocht in ann a bheith an-ghéar ar an duine a chailleann a p(h)ost. Anuas air sin, tá an seans ann nach mbeidh aon taithí, nó taithí ar éigean, nó eolas ag go leor de na daoine a chailleann a bpost ar an gcóras leasa shóisialaigh. Ar ndóigh, is cosúil go gcreideann roinnt acu go mícheart go mbeidh siad, tar éis ranníocaíochtaí Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa (ÁSPC) a íoc fad a bhí siad ag obair, i dteideal íocaíocht dífhostaíochta / chuardaitheora oibre a fháil go huathoibríoch atá bunaithe ar an ioncam a bhíodh acu. Beidh go leor eile acu nach mbeidh a fhios acu tada faoin reachtaíocht maidir lena bheith ag Déanamh Fíoriarracht Obair a Fháil agus tá an seans ann nach mbeidh aon eolas acu, ná eolas ar éigean, ar shochair thánaisteacha. D'fhéadfadh siad freisin a bheith gan eolas breise maidir le:

- Rátaí íocaíochta
- Na tacaí atá ar fáil nuair atá duine ag cuardach oibre
- Roghanna oiliúna nó oideachais

Is í an aidhm atá ag an bPacáiste Acmhainní seo ná tacú leis an obair thábhachtach atá á déanamh ag soláthróirí eolais agus ag daoine eile ó thaobh cabhair a thabhairt na gnéithe sin den chóras leasa shóisialaigh atá infheidhmithe do dhuine ar dífhostaíodh é nó í le gairid a shoiléiriú.

## Iomarcaíocht

### Céard is iomarcaíocht ann?

Tarlaíonn suíomh iomarcaíochta go ginearálta sa chás, ar réimse cúiseanna, nach bhfuil ann do phost fostaí a thuilleadh agus ní fhostaítear duine eile ina (h)áit. Mar sin, is ar an bpost atá an bhéim, agus ní ar an duine. Tá iallach ar fhostóirí, de réir an dlí, cúiteamh a íoc le fostaithe a dífhostaítear de bhun iomarcaíochta.

### Incháilitheacht d'Íocaíochtaí Reachtúla Iomarcaíochta

Chun a bheith incháilithe i gcóir íocaíocht reachtúil iomarcaíochta, ní mór d'fhostaí

- Bheith idir 16 agus 66 bliain d'aois
- Bheith i bhfostaíocht agus ag íoc ranníocaíochtaí ÁSPC atá inárachais do gach sochar leasa shóisialaigh. Faoi láthair, níl anseo ach ranníocaíocht ÁSPC Aicme A.
- Bheith ag obair go leanúnach don fhostóir ar feadh 2 bhliain ar a laghad (104 seachtain)
- Bheith ag obair go leanúnach don fhostóir ar feadh os cionn 2 bhliain más ag obair go páirtaimseartha atá sé/sí

### Tréimhsí Fógra Scríofa

Tá fostóir faoi oibleagáid fógra scríofa iomarcaíochta a eisiúint don fhostaí (Foirm RP50) agus dúblach den fhoirm a chur ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Go ginearálta, beidh an tréimhse íosta fógra ag brath ar fhad seirbhíse an duine nó ar an tréimhse fógra atá i gconradh fostaíochta an duine.

Liostálann an tábla seo a leanas an tréimhse íosta fógra atá duine i dteideal a fháil.

| Fad Fostaíochta | Tréimhse Íosta Fógra |
|---|---|
| Níos lú ná 13 seachtain | Náid |
| 13 seachtain – 2 bhliain | 1 Seachtain |
| 2 bhliain – 5 bliana | 2 Seachtain |
| 5 bliana – 10 mbliana | 4 Seachtain |
| 10 mbliana – 15 bliain | 6 Seachtain |
| Os cionn 15 bliain | 8 Seachtain |

The Ba cheart am saor réasúnach a thabhairt don fhostaí i rith na tréimhse seo chun obair eile a chuardach.

## Íocaíochtaí Iomarcaíochta

Cinntítear méid an íocaíocht iomarcaíochta ag fad seirbhíse leanúnaí an fhostaí agus ag a t(h)uilleamh seachtainiúil. Áirítear le tuilleamh seachtainiúil an t-olltuarastal seachtainiúil, meán-ragobair rialta agus sochair chomhchineáil. Faoi láthair, is é €600 an uasmhéid seachtainiúil d'íocaíocht reachtúil iomarcaíochta. Tá an íocaíocht reachtúil iomarcaíochta nó an chuid iomarcaíochta reachtúil d'íocaíocht iomarcaíochta feabhsaithe saor ó cháin. Dlitear cáin a íoc ar na gnéithe feabhsaithe d'íocaíochtaí iomarcaíochta.

### Íocaíochtaí Iomarcaíochta a Ríomh

Má tá fostaí incháilithe d'íocaíocht iomarcaíochta, tá sé nó sí i dteideal:

- Dá sheachtain pá ar gach bliain fostaíochta atá acu (faoi réir ag an teorainn de €600 in aghaidh na seachtaine ar íocaíochtaí reachtúla iomarcaíochta)
- Seachtain pá mar bhónas

### Sa chás go n-agóidítear Iomarcaíocht

Má tharlaíonn sé go bhfuil agóid ann i suíomh iomarcaíochta, féadfar é a chur faoi bhráid an Bhinse Achomhairc Fostaíochta.

## Tuilleadh Eolais

Chun eolas a fháil ar an gcaoi le híocaíochtaí iomarcaíochta a ríomh, tá aireamhán ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (DETE) chun iomarcaíocht reachtúil a ríomh ar a láithreán gréasáin www.redcalc.entemp.ie

Tá tuilleadh eolais ar an RP50 ar fáil ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

### Sampla: Íocaíochtaí Iomarcaíochta a Ríomh

D'oibrigh duine d'fhostóir ar feadh cúig bliana iomlán. Déanfar a (h)íocaíocht reachtúil iomarcaíochta a ríomh mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Dhá sheachtain pá x 5 | 10 seachtain |
| Seachtain amháin pá mar bhónas | +1 seachtain |
| Teidlíocht Iomlán Reachtúil | 11 seachtain |

# Bainistiú Airgid

Is féidir le cailleadh poist a bheith ina údar d'athrú ó bhun i dtosca airgid duine, go háirithe nuair atá leanaí agus/nó cleithiúnaigh eile ag an duine.

## Bainistiú Fiacha

Tá roinnt oifigí áitiúla ag an tSeirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid ar fud na tíre. Tugann siad comhairle agus cúnamh praiticiúil ar ghnéithe cosúil le bainistiú airgid agus idirbheartaíocht le creidiúnaithe.

Ba cheart an t-eolas seo a leanas a thabhairt leat ag an gcomhairleoir i MABS:

- Liosta de gach ioncam agus caiteachas
- Liosta d'ainmneacha, seoltaí agus uimhreacha gutháin gach creidiúnaí.
- An méid airgid atá amuigh, an tréimhse ama atá sé amuigh agus an ráta agus an méid úis
- Aon litreacha atá faighte ó chreidiúnaithe, dlíodóirí nó ó ghníomhaireacht bhailiúcháin fiacha agus aon fhreagraí a d'fhéadfadh a bheith seolta acu.
- Aon cháipéisí ábhartha dlíthiúla nó comhaontuithe

Tá an comhairleoir i MABS in ann cabhrú le duine dífhostaithe comhaontuithe athíocaíochta a réiteach.

Bheadh sé an-úsáideach freisin dá bhféadfadh Oifigeach Chearta Leasa seiceáil an bhfuil duine ag fáil a t(h)eidlíochtaí uile.

## Tuilleadh Eolais

Tá liosta iomlán d'oifigí áitiúla MABS ar fáil ar www.mabs.ie nó san eolaí teileafóin.